Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11155 — INFOSYS / CERTAIN LIBERTY GLOBAL ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 316/08)

1. An 29 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Infosys Limited ('Infosys', an India),

— Bailiúchán sócmhainní FT, foirne agus conarthaí ('Target Assets', an Ísiltír) atá faoi úinéireacht Liberty Global plc ('Liberty Global', an Ríocht Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh Infosys rialú aonair ar Target Assets de réir bhí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc. Faoi láthair tá Infosys faoi rialú Liberty Global agus úsáidtear é chun seirbhísí ardáin nascachta agus siamsaíochta a sholáthar do Liberty Global agus dá chleamhnaithe.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Infosys: seirbhísí digiteacha agus comhairliúcháin a sholáthar do chliaint in earnálacha/réimsí éagsúla, amhail seirbhísí airgeadais, miondíol, cumarsáid, monaraíocht, ardteicneolaíocht, eolaíochtaí saoil, fuinneamh, fóntais, acmhainní agus seirbhísí.

— Target Assets: seirbhísí ardáin nascachta agus siamsaíochta a sholáthar do Liberty Global agus dá chleamhnaithe (lena n-áirítear a chuideachtaí comhfhiontair faoi chomhrialú, VodafoneZiggo san Ísiltír agus Virgin Media O2 sa Ríocht Aontaithe).

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Target Assets: seirbhísí TF seachfhoinsithe a sholáthar do Liberty Global agus seirbhísí ardáin siamsaíochta agus nascachta lipéid bháin a sholáthar do thríú páirtithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11155 — INFOSYS / CERTAIN LIBERTY GLOBAL ASSETS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË